

Oifig an Stiúrthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director
of Corporate Enforcement

Leabhrán Faisnéise 5 **Iniúchóirí**

Fógra Cinnidh D/2011/1

Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí

Iniúchóirí

faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963-2009

Fógra Cinnidh D/2011/1

Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí

Iniúchóirí

faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963-2009

Ráiteas Cóipchirt

Is leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach (OSFC) cóipcheart ábhar an doiciméid seo. Mar sin féin i gcomhlíontas na Rialachán in I.R. 279 de 2005 (Faisnéis Earnála Poiblí a Athúsáid) mholann OSFC an faisnéis uile a tháirgeann sí a athúsáid.

Ceadaítear dá réir atáirgeadh agus/nó athúsáid an doiciméid seo faoi réir an cheadúnais PSI is deireanaí atá ar fáil ag www.psi.gov.ie. Ceadaítear duit an doiciméad seo nó an fhaisnéis inti a athúsáid saor in aisce i bhformáid ar bith ar choinníoll:

- go mbeidh an fhaisnéis a atáirgfear cruinn;
- gur chun críche dleathaí nó cuí a bhainfear úsáid aisti;
- go n-admhófar go soiléir foinse na faisnéise agus an chóipchirt;
- nach é príomhchúis le hathúsáid na faisnéise fógraíocht nó bolscaireacht a dhéanamh thar ceann táirge nó seirbhís faoi leith.

Ráiteas Séanta

Níor chóir go dtuigfí aon ní dá bhfuil anseo mar léiriú de nó ar son OSFC maidir lena léirmhíniú cinntitheach ar aon cheann d'fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2009 nó maidir le léirmhíniú údarásach ar dhlí ar bith.

Ba chóir comhairle dlí neamhspleách a lorg maidir le héifeachtaí aon fhorála dlí. Ní ghlacfaidh an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach freagracht nó dliteanas ar bith is cuma cén chaoi a n-éiríonn siad as aon bhotún, mhíchruinneas nó easnamh in ábhar an doiciméid seo. Forchoimeádann an Stiúrthóir an ceart caingean chúirte a thionscnamh a d'fhéadfadh a bheith nó gan a bheith de réir fhorálacha an doiciméid seo.

1.0 Réamhrá	4
2.0 Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí Iniúcháirí	5
2.1 Freagrachtaí Cuideachtaí agus Stiúirthóirí maidir le hUllmhúchán Ráiteas Airgeadais Bliantúil	5
2.2 Cad is Iniúchóir ann	5
2.3 Cad is Iniúchadh ann	5
2.4 Cad tá i gceist le hIniúchadh	6
2.5 Cad is Léargas Fíorcheart ‘True and Fair View’ ann	6
2.6 Cén uair a Theastaíonn Iniúchadh	7
2.7 Cáilíochtaí Iniúchára	7
2.8 Ceapachán Iniúcháirí	8
2.9 Luach Saothair Iniúcháirí	8
2.10 Dualgais Iniúcháirí	8
2.10.1 Dualgas Tuarascáil Iniúchára a Chur ar Fáil	8
2.10.2 Dualgas Loiceadh Leabhair Chúil Chuntas a Choinneáil a Thuairisciú	9
2.10.3 Dualgas Cionta Indíotáilte a Thuairisciú	9
2.10.4 Dualgas Macántacht Ghairmiúil a Chleachtadh	10
2.10.5 Dualgas Fianaise ar Cháilíochtaí a Chur ar Fáil	10
2.11 Cearta Iniúcháirí	10
2.11.1 Ceart Rochtana	10
2.11.2 An Ceart Fógra a Fháil maidir le Cruinnithe Ginearálta Bliantúla agus an Ceart Bheith i Láthair Acu	10
2.11.3 Cearta maidir le bheith Curtha as Oifig agus gan bheith Athcheaptha	11
3.0 Pionóis faoi Achtanna na gCuideachtaí	12
3.1 Pionóis maidir le Coireanna Coiriúla	12
Pionóis a Fhorchuireann an Chúirt	12
3.2 Pionóis Shibhialta	12
Dícháiliúchán	12
Srianadh	12
Baint de Chlár na gCuideachtaí	13
4.0 Seoltaí Úsáideacha	14

1.0 Réamhrá

Tá forálacha leithne in Achtanna na gCuideachtaí 1963-2009 ina sonraítear conas cúrsaí cuideachta a stiúradh. Tá cur síos sna forálacha sin ar conas is ceart do rannpháirtithe éagsúla i gcuideachtaí a ndualgais agus a n-oibleagáidí a chomhlíonadh. Ina theannta sin tugtar cearta agus cumhachtaí suntasacha do rannpháirtithe lena chur ar a gcumas a gcearta a dhearbhu agus más gá a leasanna príobháideacha agus/nó corparáideacha a chosaint.

Tá an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach den tuairim gur deacair do go leor de na rannpháirtithe neamhghairmiúla i gcúrsaí cuideachta bheith eolasach faoi na cearta atá acu agus faoi na hoibleagáide atá orthu faoin dlí toisc méid na gceangal in Achtanna na gCuideachtaí. Ba é sin go páirteach ba chúis le caighdeán neamhdhóthanach maidir le comhlíontas dhlí na gcuideachtaí san am atá thart.

Sonraítear in Alt 12(1)(b) den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2001 go bhfuil sé d'fheidhm ag an Stiúrthóir comhlíontas Achtanna na gCuideachtaí a spreagadh *“to encourage compliance with the Companies Acts”*. Is i gcomhchuibheas leis an sainchúram sin d'eisigh an Stiúrthóir sraith de leabhráin faisnéise. Eisíodh na Leabhráin Faisnéise sin den chéad uair i mí na Samhna 2001 agus san eagrán seo de na leabhráin tugtar chun dáta athruithe ar an dlí go deireadh na bliana 2010. Is ann do leabhráin faisnéise maidir leis na hábhair a leanas:

Leabhrán Faisnéise 1 – Cuideachtaí

**Leabhrán Faisnéise 2 – Stiúrthóirí
Cuideachta**

Leabhrán Faisnéise 3 – Rúnaithe Cuideachta

**Leabhrán Faisnéise 4 – Comhaltaí agus
Scairsealbhóirí**

Leabhrán Faisnéise 5 – Iniúcháirí

Leabhrán Faisnéise 6 – Creidiúnaithe

**Leabhrán Faisnéise 7 – Leachtaitheoirí,
Glacadóirí agus
Scrúdaitheoirí**

De bhreis ar fhaisnéis ar na dualgais agus ar na cumhachtaí ábhartha tá faisnéis i ngach leabhrán maidir leis na pionóis a ngearrfar mura gcomhlíonfar na ceangail in Achtanna na gCuideachtaí; tá seoltaí agus pointí teagmhála úsáideacha iontu freisin.

Is ar an léitheoir neamhghairmiúil a bhíothas ag díriú le linn ullmhúcháin gach leabhrán d'fhonn fáil agus tuiscint níos fearr ar phríomhcheangail dhlí na gcuideachtaí a chinntiú.

Tá an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach den tuairim go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh cibé duine aonair a fhaigheann na sochair agus na pribhléidí a ghabhann le bheith corpraithe feasach faoi na dualgais agus na freagrachtaí a ghabhann leo. Tá na leabhráin faisnéise ceaptha chun na dualgais agus leis na freagrachtaí atá air a chur i léire don duine aonair agus an léire sin a mhéadú.

Is mian leis an Stiúrthóir a shoiléiriú nár cheart go dtuigfí an treoir mar léirmhíniú cinnitheach dlíthiúil ar na forálacha ábhartha. Ina theannta sin ní mór a admháil gur féidir léirmhínithe difriúla a bhaint as an dlí. Ba chóir mar sin go mbeadh léitheoirí feasach faoi go mbíonn éiginnteacht i gceist maidir leis an léirtheiscint a baineann na Cúirteanna as an dlí nuair a fheidhmítear an dlí i leith imthosca sonracha cuideachtaí agus daoine aonair.

Tá sé tábhachtach go dtabharfadh léitheoirí dá n-aire i gcás go bhfuil amhras orthu maidir lena n-oibleagáide nó lena ndualgais faoin dlí gur chóir dóibh dul sa tóir ar chomhairle dlí nó chuntasáochta ghairmiúil neamhspleách de réir mar is cuí.

Tá sé ar intinn an Stiúrthóra an treoir a thabhairt chun dáta de réir mar a thagann athruithe ar dhlí na gcuideachtaí amach anseo. Cuirfidh sé fáilte freisin roimh aon tuairim maidir leis an ábhar atá ann sa chaoi is go mbeidh na heagráin a fhoilseofar as seo amach chomh faisnéiseach agus is féidir.

**Oifig an Stiúrthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach**

Deireadh Fómhair 2011

2.0 Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí Iniúcháirí

2.1 Freagrachtaí Cuideachtaí agus Stiúrthóirí maidir le hUllmhúchán Ráiteas Airgeadais Bliantúil

Sula ndéanfar aon iniúchadh ar fhreagrachtaí iniúcháirí níor mhiste freagrachtaí cuideachtaí agus stiúrthóirí cuideachta maidir le hullmhúchán ráiteas airgeadais bliantúil a athbhreithniú.

Go ginearálta éilítear ar chuideachtaí agus ar a stiúrthóirí cuntais a ullmhú ar bhonn bliantúil. Ullmhófar na cuntais bhliantúla ar bhonn na faisnéise i leabhair chuntas na cuideachta agus ar bhonn faisnéise ábhartha eile nach í. Tá ábhar na ráiteas airgeadais leagtha amach i Leabhrán Faisnéise 1 – Cuideachtaí. Éilítear ar stiúrthóirí freisin tuarascáil a cheangal mar aguisín leis na cuntais; (tuarascáil na stiúrthóirí a thugtar uirthi¹). Tuarascáil do chomhaltaí na cuideachta ó na stiúrthóirí a bheidh inti. Éilítear go dtabharfar aghaidh ar ábhar áirithe a bhfuil na sonraí a mbaineann leo leagtha amach ina n-iomláine i Leabhrán Faisnéise 2 – Stiúrthóirí Cuideachta.

De bhreis ar leabhair chúil chuntas a choinneáil agus ráitis airgeadais a thugann léargas fíorcheart ar chúrsaí na cuideachta agus ar an mbrabús (nó cailleanas) sa tréimhse lena mbaineann a ullmhú, beidh freagracht ar na stiúrthóirí freisin gach beart a dhéanamh atá ar fáil di le réasún chun sócmhainní na cuideachta a chumhdach agus chun calaois agus mírialtacht eile a chosc agus a bhrath a ghlacadh.

¹ Éilítear Tuarascáil na Stiúrthóirí de réir Alt 158 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 (arna leasú). Forordaítear an t-ábhar a bheidh ann trí Alt 158 d'Acht na bliana 1963 agus trí ailt 13 agus 4 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1986.

2.2 Cad is Iniúcháir ann

Duine gairmiúil neamhspleách atá san iniúcháir atá cáilithe chun iniúchadh a dhéanamh. Is gnách iarbhrí go gceaptar gnóthas iniúcháirí chun gníomhú mar iniúcháirí do chuideachta. Is é Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (UMICE) a rialaíonn iniúcháirí.

2.3 Cad is Iniúchadh ann

Chun críocha Achtanna na gCuideachtaí ciallaíonn iniúchadh scrúdú a dhéanfaidh iniúcháir nó gnóthas iniúcháirí ar ráitis airgeadais cuideachta. Is é is aidhm leis an iniúchadh a chur ar chumas an iniúcháir tuairim eolasach, gairmiúil, neamhspleách maidir leis na ráitis airgeadais a d'ullmhaigh na stiúrthóirí a chur ar fáil do chomhaltaí na cuideachta.

Trína dtuairim a thuairiscíú tugann iniúcháirí na cuideachta dearbhú réasúnta do chomhaltaí na cuideachta go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na cuideachta ag pointe áirithe ama (i.e. ag deireadh na bliana airgeadais) agus ar a brabús (nó cailleanas) maidir leis an tréimhse faoi léirmheas agus gur ullmhaíodh iad i gcomhréir le hAchtanna na gCuideachtaí agus leis na caighdeáin infheidhmithe.

Agus iad ag déanamh an iniúchadh éilítear ar iniúcháirí na caighdeáin ghairmiúla atá leagtha síos ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta; comhlacht neamhspleách leagtha síos caighdeáin atá ann.

Le linn dóibh an t-iniúchadh a dhéanamh éilítear ar iniúcháirí:

- nósanna imeachta a leanúint chun fianaise cuí iniúchta a bhailiú a bheidh leordhóthanach chun a chumasú dóibh cinneadh a dhéanamh a mbeidh siad réasúnta muiníneach as, cibé acu is léargas fíorcheart atá sna ráitis airgeadais nó nach ea;

- measúnú a dhéanamh ar chur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais d'fhonn a dhéanamh amach ar ullmháodh iad de réir Achtanna na gCuideachtaí (agus de réir aon reachtaíocht ábhartha eile) agus de réir na gcaighdeán cuntasáochta;
- tuarascáil a eisiúint chuig comhaltaí na cuideachta ina léiríonn siad go soiléir a dtuairim faoi na ráitis airgeadais.

2.4 Cad tá i gceist le hiniúchadh

I gcúrsa an iniúchta is gnách go ndéanann iniúcháirí na cineálacha oibre iniúchta a leanas:

- *litir pháirtíochta* ‘letter of engagement’ a chur ar fáil don chuideachta ina leagann an t-iniúcháir amach freagrachtaí na n-iniúcháirí agus na stiúrthóirí faoi seach agus raon feidhme an iniúchta;
- eolas a fháil ar ghnó agus ar thionscal na cuideachta;
- an t-iniúchadh a phleanáil d'fhonn, *inter alia*, réimsí na ráiteas airgeadais ar dhóchúla an baol go mbeadh earráid nó míráiteas iontu a aithint.
- sa chás go mbeadh a leithéid ann córas rialaithe inmheánach na cuideachta a mheasúnú (mínítear córais rialaithe inmheánacha go hachomair in Aguisín E le Leabhrán Faisnéise 1);
- scrúdú a dhéanamh ar bhonn tástála ar an bhfianaise ábhartha maidir leis na méideanna sna ráitis airgeadais agus lena bhfuil nochta iontu;
- na meastacháin agus na breithiúnais shuntasacha a rinne na stiúrthóirí le linn dóibh na ráitis airgeadais a ullmhú a mheas;
- cinneadh a dhéanamh maidir le cé acu atá na polasaithe cuntasáochta réasúnta nó nach bhfuil agus maidir le cé acu ar nochtadh iad go leordhóthanach nó nár nochtadh;

- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais a athbhreithniú;
- scrúdú a dhéanamh ar imeachtaí suntasacha sa tréimhse i ndiaidh an chláir chomhardaithe, i.e. an tréimhse idir an dáta a ndearnadh na ráitis airgeadais agus an dáta ar cuireadh an iniúchadh i gcrích;
- Tar éis críoch a chur leis an iniúchadh litir a chur chuig na stiúrthóirí ina leagfar amach aon fhadhbanna ar thángthas orthu (m.sh. earráidí, laige sa rialú inmheánach etc.) i gcúrsa an iniúchta agus ina ndéanfar moltaí maidir le conas aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna ar thángthas orthu (tagrófar don litir sin mar *litir bhainistíochta* ‘management letter’);
- tuarascáil na n-iniúcháirí a eisiúint chuig comhaltaí na cuideachta (féach thíos).

2.5 Cad is Léargas Fíorchearn ‘True and Fair View’ ann

Éilítear faoi Achtanna na gCuideachtaí² go dtabharfaidh ráitis airgeadais cuideachtaí léargas fíorchearn ar staid chúrsaí na cuideachta agus ar a mbrabúis (nó ar a gcaillteanas) sa tréimhse atá i gceist. Níl an téarma ‘léargas fíorchearn’ sainmhínithe sna hAchtanna áfach. Mar riail ghinearálta measfar go dtabharfaidh sraith de ráitis airgeadais léargas fíorchearn sa chás gur ullmháodh iad de réir:

- Achtanna na gCuideachtaí;
- na gcaighdeán cuntasáochta.

Le go dtabharfaidh sraith de ráitis airgeadais léargas fíorchearn bheifí ag súil leis:

- go léireodh siad go ceart imthosca ghnó na cuideachta;
- go léireodh siad éifeacht tráchtála na n-idirbhearta agus na gcomhardaithe is bonn leo agus ní amháin an fhoirm dhlíthiúil atá acu;

² Alt 149 d’Acht na gCuideachtaí, 1963 arna leasú.

- go luafaí iontu sócmhainní, agus brabúis (nó cailteanais) na cuideachta mar a dhéanfar amach iad i gcomhréir le polasaithe cuntasáíochta a éilítear faoi dhlí na gcuideachtaí agus faoi na caighdeáin cuntasáíochta ábhartha, agus;
- go bhfeidhmeofaí go comhsheasmhach na polasaithe cuntasáíochta sin, i.e. ó bhliain go bliain ionas go mbeadh na ráitis airgeadais inchomparáide ó bhliain go chéile.

Tríd is tríd ní thabharfaidh na ráitis airgeadais léargas fíorcheart mura mbeidh an fhaisnéis atá iontu leordhóthanach ó thaobh méide agus cáilíochta de chun teacht le hionchais na ndaoine ar seoladh chucu iad lena léamh, i.e. na comhaltaí. Is iarracht í tuairim an iniúcháirí inchreidteacht na ráiteas airgeadais a fheabhsú trí dhearbhu réasúnta a sholáthar ó fhoinse neamhspleách go dtugann siad léargas fíorcheart.

2.6 Cén uair a Theastaíonn Iniúchadh

Go ginearálta ní mór do gach cuideachta iniúchadh a fháil déanta ar a ráitis airgeadais ar bhonn bliantúil. Ach is féidir le cuideachtaí áirithe díolúine a fháil ón gceangal iniúchadh bliantúil a fháil déanta a fhad is a chomhlíonann siad coinníollacha áirithe³. Ba cheart a thabhairt faoi deara áfach sa chás gur féidir le cuideachta áis a bhaint as an díolúine iniúchadh a fháil déanta nach ndéanfaidh sin aon difear do na ceangail leabhair chúí chuntas a choinneáil agus ráitis airgeadais bhliantúil a ullmhú.

2.7 Cáilíochtaí Iniúcháirí

Le go gcáileoidh duine mar iniúcháirí ar chuideachta ní mór dó/di roinnt ceangail a chomhlíonadh. Ní mór:

- bheith ina c(h)omhalta de chomhlacht aitheanta cuntasóirí⁴ (nó cáilíocht comhionann leis sin), agus;
- bheith i seilbh cháilíochta ón gcomhlacht aitheanta sin chun iniúchadh a dhéanamh.

Iniúcháirí atá cáilithe chun iniúchadh a dhéanamh i stát eile den AE is féidir leo iniúchadh a dhéanamh sa Stát a fhad is go n-éiríonn leo i dtrial inniúlachta. Féadfar an ceart sin a thabhairt d'iniúcháirí atá cáilithe chun gníomhú i mballstáit taobh amuigh den AE sa chás go bhfaigheann siad cead ó Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasáíochta na hÉireann (UMICE).

Beidh toirmeasc ar pháirtithe áirithe, a leithéidí comhlacht corpraithe, iadsan a bhfuil naisc acu leis an gcuideachta a bhfuiltear ag déanamh iniúchadh uirthi (m.sh. oifigigh agus fostaithe na cuideachta agus a neasgholta) agus féimhigh neamhurscaoilte ó ghníomhú mar iniúcháirí do chuideachta.

Ar an dóigh chéanna beidh cosc ar dhaoine atá faoi réir ordú dícháilíocháin ó ghníomhú mar iniúcháirí cuideachta. Éilítear caighdeáin áirithe freisin faoi Achtanna na gCuideachtaí maidir le hoideachas leanúnach⁵, eitic ghairmiúil⁶, ionrachas agus oibiachtúlacht⁷ iniúcháirí.

³ Pléitear mionsonraí na gcritéar maidir le díolúine ó iniúchadh i gcás cuideachta beag i Leabhrán Faisnéise 1 (rannán 2.10.3).

⁴ Tá na comhlachtaí cuntasáíochta a leanas aitheanta ag an Údarás Maoirseachta: (IAASA):
Cuntasóirí Cairte in Éirinn (CAI)
Comhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte (ACCA)

Institiúid na gCuntasóirí Poiblí Deimhnithe in Éirinn (ICPAI)

The Institute of Chartered Accountants in England and Wales (ICAEW)

The Institute of Chartered Accountants in Scotland (ICAS)

Institute of Incorporated Public Accountants (IIPA)

⁵ Rialachán 39 I.R. Uimh. 220 de 2010.

⁶ Rialachán 40 I.R. Uimh. 220 de 2010.

⁷ Rialachán 41 I.R. Uimh. 220 de 2010.

De bhreis ar na toirmisc dhlíthiúla ar dhaoine áirithe ó ghníomhú mar iniúchóirí cuideachta forchuireann Cód Eitice na n-Institiúidí cuntasáochta aitheanta srianta breise ar a gcomhaltaí agus ar na himthosca ina gceadaítear dóibh gníomhú mar iniúchóir cuideachta. Is é cuspóir na gCód Eitice sin neamhspleáchas an iniúcháora a choinneáil slán.

2.8 Ceapachán Iniúchóirí

Féadfaidh na stiúrthóirí nó cruinniú ginearálta den chuideachta na chéad iniúchóirí cuideachta a cheapadh. Ina dhiaidh sin cheapfaidh comhaltaí na cuideachta na hiniúchóirí i gcruinniú ginearálta bliantúil agus beidh siad i seilbh oifige go dtí an chéad chruinniú eile.

2.9 Luach Saothair Iniúchóirí⁸

I gcás iniúchóirí a cheapann stiúrthóirí is iad na stiúrthóirí a shocraíonn luach saothair na n-iniúchóirí. I ngach cás eile is í an chuideachta ag CGB a shocraíonn luach saothair na n-iniúchóirí.

2.10 Dualgais Iniúchóirí

Seo a leanas príomhdhualgais iniúchóirí:

2.10.1 Dualgas Tuarascáil Iniúchta a Sholáthar

Is é príomhdhualgas na n-iniúchóirí cuideachta na ráitis airgeadais atá scrúdaithe acu a thuairisciú do chomhaltaí na cuideachta⁹. Ní mór go léifear tuarascáil na n-iniúchóirí ag an CGB agus ba cheart í a chur ar fáil do gach comhalta den chuideachta.

Ní mór do na hiniúchóirí a lua ina dtuarascáil cibé acu ina dtuairim:

- a choinnigh an chuideachta leabhair chuí chuntas nó nár choinnigh;

- ar fuarthas nó nach fuarthas tuairisceáin ó bhrainsí na cuideachta nár thug an t-iniúchóir cuairt orthu (sa chás go bhfuil roinnt brainsí á n-oibriú ag an gcuideachta d'fhéadfadh sé nárbh fhéidir leis an iniúchóir cuairt a thabhairt ar na brainsí go léir. Más amhlaidh atá is gnách go ndéanfaidh an t-iniúchóir iarracht cuairt a thabhairt ar na brainsí go léir uair amháin ar a laghad thar thréimhse roinnt iniúchtaí bliantúla);
- ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais go cuí de réir fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí agus an dtugann siad léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na Cuideachta agus ar a brabús nó (ar a cailteanas);
- i gcás grúpa cuideachtaí, an dtugann na ráitis airgeadais grúpa léargas fíorcheart ar staid chúrsaí agus ar bhrabús (nó cailteanas) na ngnóthas a chuimsítear iontu chomh fada is a bhaineann sé le comhaltaí i gcomhréir le forálacha Achtanna na gCuideachtaí;
- ar tharla nó nach dtarla cailteanas tromchúiseach caipitil a raibh d'éifeacht leis gur gaireadh cruinniú ginearálta urghnách;
- atá an fhaisnéis i dtuarascáil na stiúrthóirí comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais nó nach bhfuil.

Ní mór go luafar sa tuarascáil freisin cibé acu:

- atá an fhaisnéis agus na mínithe a mheasann siad a bheith riachtanach chun críocha an iniúchta faighte acu nó nach bhfuil, agus;
- atá clár comhardaithe agus cuntas brabúis agus cailteanais na cuideachta ag teacht leis na leabhar cuntas nó nach bhfuil.

Éilítear ar stiúrthóirí de réir dlí faisnéis áirithe a nochtadh sna ráitis airgeadais, m.sh. mionsonraí éadálacha stiúrthóirí mar atá tuarastal, táillí, caiteachas incháinithe, ranníocaíochta pinsin agus sochair eile. I gcás nach bhfuil an fhaisnéis sin curtha ar fáil sna ráitis airgeadais éilítear ar na hiniúchóirí í a chur ar fáil ina dtuarascáil.

⁸ Alt 160 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 arna leasú ag alt 183 d'Acht na gCuideachtaí, 1990.

⁹ Alt 193(1) d'Acht na gCuideachtaí, 1990 arna leasú ag Rialachán 9 de I.R. Uimh. 116 de 2005.

I gcás nach bhfuil na hiniúcháirí in ann tuairisc dhearbhadh a thabhairt maidir le haon cheann de na cúrsaí thuasluaite b'fhéidir go mbeidh call acu leis an tuarascáil iniúchta a mhaolú. Féadfaidh trí fhoirm a bheith ag tuarascáil iniúchta maolaithe, mar atá:

- *tuairim maolaithe* 'qualified opinion' ina maíonn na hiniúcháirí go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart cé is moite de roinnt ábhar a shonróidh an t-iniúcháir sa tuarascáil;
- *séanadh tuairime* 'disclaimer of opinion' ina luann na hiniúcháirí na fáthanna nach bhfuil siad in ann tuairim a fhoirmiú maidir le cé acu an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart nó nach dtugann. Tarlóidh go mbeidh séanadh tuairime ann sa chás gur cuireadh teorainn ar bealach amháin nó ar bhealach eile le raon oibre an iniúcháir, m.sh nach raibh siad in ann teacht ar na leabhair agus ar na taifid uile, nó;
- *tuairim diúltach* 'adverse opinion' sa chás go ndeireann na hiniúcháirí nach dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart. Tabharfar *tuairim diúltach* sa chás nach n-aontaíonn na hiniúcháirí lena bhfuil scríofa sna ráitis airgeadais agus nach bhfuil na stiúrthóirí sásta iad a leasú ionas go léireoidh siad léargas fíorcheart de réir mheas an iniúcháir.

2.10.2 Dualgas Loiceadh Leabhair Chúí Chuntas a Choinneáil a Thuairisciú¹⁰

I gcás go bhfoirmeoidh iniúcháirí an tuairim go bhfuil an chuideachta atá á hiniúchadh ag sárú nó gur sháraigh sí a hoibleagáidí maidir le leabhair chúí chuntas a choinneáil, beidh oibleagáid orthu fógra a sheirbheáil ar an gcuideachta agus an tuairim sin a chur in iúl di. Mura nglacfaidh na stiúrthóirí na céimeanna is gá laistigh de seacht lá chun a chinntiú go gcoinneofar leabhair chúí chuntas beidh na hiniúcháirí faoi cheangal é sin a chur in iúl do

Chláraitheoir na gCuideachtaí agus cuirfidh seisean in iúl ar a sheal é don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

I gcás go n-iarrann an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar na hiniúcháirí sin a dhéanamh beidh ceangal orthu faisnéis dá leithéid a chur ar fáil dó maille le míniú ar na fáthanna atá leis an tuairim acu agus doiciméad maille le háiseanna chun iad a scrúdú agus a chóipeáil a chur ar fáil dó.

2.10.3 Dualgas Cionta Indíotáilte a Thuairisciú¹¹

De thoradh an Achta um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2001 éilítear ar iniúcháirí anois tuarascáil a chur chuig an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach i gcás go dtagann siad i seilbh faisnéise, i gcúrsa agus de bharr iniúchta, a chuireann faoi deara go bhfoirmíonn siad tuairim go bhfuil cion indíotáilte déanta ag an gcuideachta nó ag oifigeach nó ag gníomhaire na cuideachta faoi Achtanna na gCuideachtaí.

Sa tuarascáil a chuireann siad chuig an Stiúrthóir faoin alt sin éilítear ar iniúcháirí sonraí na bhforas ar ar fhoirmigh siad a dtuairim a leagan amach. I gcomhar leis an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta (APB) agus le Coiste Comhairleach Comhlachtaí Cuntasaíochta in Éirinn (CCAB-I) d'fhoilsigh an Stiúrthóir treoir mhionsonraithe d'iniúcháirí maidir lena bhfreagrachtaí faoin alt sin¹².

¹¹ Alt 194(5) d'Acht na gCuideachtaí 1990 arna leasú.

¹² Tá an treoir i bhFógra Cinnidh D/2003/2 – 'Treoir Athbheithnithe faoin Dualgas ar Iniúcháirí Cásanna ina bhfuil Amhras faoi Chionta Indíotáilte a thuairisciú don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach' ar fáil ó shuíomh idirlín OSFC (seoladh: www.osfc.ie). Toisc gur eisíodh an treoir i gcomhpháirt leis an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta (APB) fóilsíodh í freisin bhfoirm Bhileog Nuachta Iniúchta APB.

¹⁰ Alt 194 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 arna leasú.

2.10.4 Dualgas Macántacht Gairmiúil a Chleachtadh¹³

Beidh iniúchóirí faoi dhualgas an t-iniúchadh a dhéanamh go macánta gairmiúil. Le linn dóibh an tuarascáil a ullmhú ní mór d'iniúchóirí an scil, an cúram agus an t-aireachas a bheifí ag súil leis ó iniúchóir atá réasúnta inniúil, cúramach agus aireach a chleachtadh. I gcás nach gcomhlíonann iniúchóirí a ndualgais scil agus cúram réasúnta a chleachtadh féadfaidh sé go mbeidh siad faoi dhliteanas maidir le damáistí:

- don chuideachta atá faoi chonradh, agus/nó;
- do na páirtithe a bhfuil dualgas cúraim dlite orthu mar gheall ar fhaillí ar a n-áirítear an chuideachta, na comhaltaí agus in imthosca teoranta áirithe scairshealbhóirí ionchasacha.

Ní féidir le hiniúchóirí a ndliteanas i leith na cuideachta a chur ar leataobh ná ní féidir le hiniúchóirí bheith ag brath ar chuideachta chun iad a shlánú ar aon dhliteanas do thríú páirtí maidir le faillí.

2.10.5 Dualgas Fianaise ar Cháilíochtaí a Chur ar Fáil¹⁴

Éilítear ar iniúchóir nó ar dhuine a airbheartaíonn go ngníomhaíonn sé/sí mar iniúchóir fianaise ar a c(h)áilíochtaí chun gníomhú amhlaidh a chur ar fáil don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar iarratas.

2.11 Dualgais Iniúchóirí

Beidh na cearta a leanas ag iniúchóirí cuideachtaí:

2.11.1 Ceart Rochtana¹⁵

Beidh ceart ag iniúchóirí teacht ar leabhair, ar chuntais agus ar dhearbháin na cuideachta ag gach tráth réasúnta. Is féidir leo cibé faisnéis agus mínithe is gá chun a ndualgais a fheidhmiú a éileamh ó oifigigh agus ó fhostaithe na cuideachta¹⁶. Aon duine a chliseann air/uirthi éileamh dá leithéid a shásamh laistigh de thréimhse réasúnta beidh sé/sí ag sárú Achtanna na gCuideachtaí. Éilítear freisin ar fhochuideachtaí atá corpraithe sa Stát agus ar a n-iniúchóirí cibé faisnéis agus mínithe a d'fhéadfadh iniúchóir na cuideachta sealbhaíochta a éileamh le réasún chun a d(h)ualgais a fheidhmiú a thabhairt don iniúchóir sin. I gcás go bhfuil fochuideachtaí ag an gcuideachta taobh amuigh den Stát, beidh oibleagáid ar an gcuideachta féin gach beart réasúnta a ghlacadh chun faisnéis agus mínithe dá leithéid a fháil do na hiniúchóirí.

2.11.2 An Ceart Fógra a Fháil maidir le Cruinnithe Ginearálta Bliantúla agus an Ceart Bheith i Láthair Acu¹⁷

Beidh sé de cheart ag iniúchóirí bheith i láthair ag gach cruinniú ginearálta den chuideachta agus fógraí agus cumarsáid a fháil maidir le cruinnithe is ionann agus iadsan a bhfuil na comhaltaí i dteideal a fháil. Beidh sé de cheart acu freisin éisteacht a fháil ag gach cruinniú ginearálta maidir le haon chuid den chruinniú a bhaineann leo.

¹³ Alt 193(6) d'Acht na gCuideachtaí, 1990.

¹⁴ Rialachán 28 I.R. Uimh. 220 de 2010.

¹⁵ Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 arna leasú.

¹⁶ Luaitear in Alt 197(3) d'Acht na gCuideachtaí, 1990: "Aon oifigeach do chuideachta a mhainníonn aon fhaisnéis nó mínithe a chur ar fáil d'iniúchóirí na cuideachta nó chuideachta shealbhaíochta na cuideachta, laistigh de dhá lá ón éileamh iomchuí a dhéanamh, a éilíonn na hiniúchóirí mar iniúchóirí ar an gcuideachta nó ar chuideachta shealbhaíochta na cuideachta agus is eol don oifigeach nó a fhéadfaidh sé a fháil, beidh sé ciontach i gcion."

¹⁷ Alt 193(5) d'Acht na gCuideachtaí, 1990.

2.11.3 Cearta maidir le bheith Curtha as Oifig agus gan bheith Athcheaptha¹⁸

Féadfar iniúchóirí a chur as oifig trí rún ag cruinniú ginearálta nó trí rún chun daoine eile a cheapadh ina n-áit. I gcás go moltar gníomhaíocht dá leithéid beidh sé de cheart ag iniúchóirí cur in aghaidh an chur as oifig atá molta agus na himthosca a bhaineann leis a mhíniú do na comhaltaí.

Ceadófar d'iniúchóir éirí as oifig sula mbeidh téarma a c(h)eapacháin istigh trí fhógra a sheirbheáil ar an gcuideachta i scríbhinn. Iniúchóirí a éiríonn as oifig nó nach bhfuil toilteanach bheith athcheaptha ní mór dóibh a lua ina bhfógra scoir cad iad na himthosca a bhaineann leis an éirí as oifig ar chóir dar leo a thabhairt ar aird do na comhaltaí agus do na creidiúnaithe nó murab ann dóibh, a lua nach bhfuil a leithéidí d'imthosca ann.

I gcás nach gceapfar nó nach athcheapfar iniúchóirí ag cruinniú ginearálta ní mór don chuideachta é sin a chur in iúl don Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta laistigh de sheachtain amháin agus féadfaidh an tAire iniúchóirí a cheapadh ansin don chuideachta.

¹⁸ Alt 161 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 arna leasú.

3.0 Pionóis faoi Achtanna na gCuideachtaí

3.1 Pionóis maidir le Coireanna Coiriúla

Pionóis a Fhorchuireann Cúirt

Foráiltear do dhá chineál ciona coiriúil faoi Achtanna na gCuideachtaí, cion achomair agus cion indíotáilte. De ghnáth ní mheastar cion achomair a bheith an-tromchúiseach agus triailtear os comhair breithimh sa Chúirt Dúiche é gan giúiré. Is gnách go meastar cionta indíotáilte a bheith níos tromchúisí. Is féidir cionta indíotáilte a thriail ar an modh céanna a dtriailtear cionta achoimre, is é sin os comhair breithimh sa Chúirt Dúiche gan giúiré. Tá de dhifríocht idir cion achomair agus cion indíotáilte áfach gur féidir cionta indíotáilte, as siocair a thromchúisí is atá siad a thriail sa Chúirt Chuarda chomh maith, is é sin le rá os comhair breithimh agus giúiré. Má théitear an bealach sin deirtear go n-ionchúisítear an cion indíotáilte ar díotáil. I gcás go n-ionchúisítear cion ar díotáil, beidh na pionóis dá bhforáiltear faoin dlí ar ciontú i bhfad níos déine de ghnáth ná mar bheadh siad dá mba rud é go n-ionchúisítí an cion go hachomair.

Maidir le gnáth-uasphionós ar ciontú:

- i gcás cion achomair faoi Achtanna na gCuideachtaí, €1,904 agus/nó téarma príosúnachta 12 mhí, agus;
- i gcás cion indíotáilte faoi Achtanna na gCuideachtaí, €12,697 agus/nó téarma príosúnachta 5 bliana.

Ach foráiltear faoi Achtanna na gCuideachtaí freisin do phionóis i bhfad níos déine maidir le cionta áirithe, m.sh. trádáil chalaioiseach (€63,487 agus/nó téarma príosúnachta 7 mbliana ar ciontú ar indíotáilte) agus mí-úsáid mhargaidh (€10 milliún agus/nó téarma príosúnachta 10 mbliana ar ciontú ar indíotáilte).

3.2 Pionóis Shibhialta

Dícháilichán

I dteannta fineálacha agus pionóis foráiltear do bhearta sriantacha eile freisin faoi na hAchtanna. Daoine a chiontaítear ar díotáil i gcion indíotáilte a bhaineann le cuideachta nó a bhfuil calaois nó mí-ionracas ag roinnt leis dícháilítear iad go huathoibríoch chun gníomhú mar stiúrthóirí/oifigigh chuideachta (féach Aguisín B le Leabhrán Faisnéise 2 – Stiúrthóirí Cuideachta).

Chomh maith leis sin tig leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach iarratas ar dhícháiliúchán a chur chuig na Cúirteanna maidir le duine ar bith:

- atá ciontach i gcion amháin nó níos mó a bhaineann le loiceadh leabhair chuí chuntas a choinneáil, nó;
- atá ciontach i dtrí mhainneachtain nó níos mó faoi Achtanna na gCuideachtaí.

Srianadh

Beidh na forálacha a bhaineann le srianadh stiúrthóirí cuideachta infheidhme i leith cuideachtaí dócmhainneacha nach bhfuil in ann a bhfiacha a íoc de réir mar a bheidh a ré istigh. Sa chás go bhfuil cuideachta a chuirfear faoi leachtú nó faoi ghlacadóireacht¹⁹ dócmhainneach, cuirfear srianadh ar feadh tréimhse suas go 5 bliana ar aon stiúrthóir den chuideachta a gliceann air/uirthi a chruthú don Ard-Chúirt gur ghníomhaigh sé nó sí go macánta agus go freagrach.

¹⁹ Is é an fheidhm atá ag leachtaitheoir sócmhainní na cuideachta a bhailiú agus a réadú, fiacha na cuideachta a ghlánadh, aon fharasbarr atá fágtha a dháileadh, cúrsaí na cuideachta a imscrúdú agus an chuideachta a díscáileadh de réir an dlí. Is é feidhm an ghlacadóra sócmhainní áirithe na cuideachta a dhiúscairt d'fhonn fiach a aisíoc do chreidiúnaí m.sh. do bhanc. Féach Leabhrán Faisnéise 7 – le haghaidh tuilleadh faisnéise faoi leachtaitheoirí.

Cuireann srianadh dá leithéid cosc ar dhuine ó bheith ina stiúrthóir nó ina rúnaí nó ó bheith páirteach i bhfoirmiú nó i gcur chun cinn aon chuideachta mura bhfuil sí caipitlithe go leordhóthanach. I gcás cuideachta phríobháideach is é €63,487 i scairchaipiteal leithroinnte íoctha an riachtanas caipitil, agus i gcás cuideachta phoiblí is é €317,435 é.

Beidh cuideachta dá leithéid faoi réir rialacha níos déine freisin maidir le cothabháil chaipitil. Pléitear topaic an srianta go mion in Aguisín B le Leabhrán Faisnéise 2 – Stiúrthóirí Cuideachta.

Baint de Chlár na gCuideachta

I gcás loiceadh cuideachta oibleagáidí dlíthiúla áirithe atá uirthi a chomhlíonadh, m.sh. má chliseann uirthi tuairisceán bliantúil a chomhdú le Cláraritheoir na gCuideachtaí, tig leis an gCláraritheoir an chuideachta a bhaint de Chlár na gCuideachtaí.

I gcás go mbainfear cuideachta den chlár aistrefar sócmhainní na cuideachta go huathoibríoch chuig an Stát. Fanfaidh an chuideachta faoi úinéireacht an Stáit go dtí go gcuirfear an chuideachta ar ais ar an gclár. A fhad is a bheidh sí bainte den chlár beidh gach stiúrthóir, oifigeach agus comhalta den chuideachta faoi dhliteanas i gcónaí agus féadfar an dliteanas sin a fhorfheidhmiú amhlaidh a dhéanfaí murar díscáileadh an chuideachta²⁰.

Pléitear na nósanna imeachta is inleanta chun cuideachta a chur ar ais ar an gclár in Aguisín A le Leabhrán Faisnéise 1 – Cuideachtaí.

²⁰ Alt 12B d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1983 arna leasú.

4.0 Seoltaí Úsáideacha

Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach

16 Cearnóg Pharnell

Baile Átha Cliath 1

Teil: 01 858 5800

Suíomh Idirlín: www.osfc.ie

An Oifig um Chlárú Cuideachtaí

14 Cearnóg Pharnell

Baile Átha Cliath 1

&

Bóthar Uí Bhriain

Ceatharlach

Teil: 01 804 5200

Suíomh Idirlín: www.cro.ie

Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta

Sráid Cill Dara

Baile Átha Cliath 2

Teil: 01 631 2121

Suíomh Idirlín: www.djei.ie

Grúpa Athbhreithnithe um Dhlí na gCuideachtaí

Lárionad Phort an Iarla

Sráid Hatch Íochtarach

Baile Átha Cliath 2

Teil: 01 631 2763

Suíomh Idirlín: www.clrg.org

Basis

Rochtain Gnó ar Fhaisnéis

agus ar Sheirbhísí Stáit

Suíomh Idirlín: www.basis.ie

Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann

Teach Willow


Páirc na Mílaoise

An Nás

Co. Cill Dara

Teil: 045 983600

Suíomh idirlín: www.iaasa.ie



Oifig an Stiúrthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach
Office of the Director
of Corporate Enforcement

Le bhagaidh eolas eile:

✉ **Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach**

16 Cearnóg Pharnell
Baile Átha Cliath 1
Éire

☎ 01 858 5800
Loghlao 1890 315 015

☎ 01 858 5801

@ info@odce.ie

🌐 www.osfc.ie

*Tá leagan Béarla den leabhrán seo ar fáil
An English version of this booklet is available*